

✿ An Lúibín ✿

30 Bealtaine 2008

Comhdháil

New York has been host to the International Irish-Language Conference.

Is gearr ó bhí Comhdháil Idirnáisiúnta na Gaeilge ar siúl i Nua-Eabhrac,¹ ócáid ar cuireadh túis léi nuair a tháinig Glór na nGael ó Éirinn agus Cumann Carad na Gaeilge ó Mheiriceá le chéile i dtús na bliana. Glór na nGael a rinne na socruithe agus cuireadh fógraí amach. Cuireadh túis ceart leis an ngató i Mí na Bealtaine sa chonsalacht i gCathair Nua-Eabhrac.

Comhoibriú ab ábhar don chomhdháil. Más fíor don tuairisc, bhí an dóchas, an mheanma agus an muintearas ann: 'Eagraíochtaí agus daoine éagsúla atá againn, ach mar gheall ar ár ngrá don Ghaeilge, táimid go léir mar dheartháireacha agus deirfiúracha, le fírinne'. Tuairim í, ar nós a lán eile, a thabharfadhl an bhliain 1900 i do cheann, nuair a bhí an díograis agus an dúthracht (agus an rómánsachas) gan lagú fós.

Tháinig scata as Ceanada, agus scataí eile as Butte, as Boston, as Nua-Gheirsí, as Nua-Eabhrac agus as a lán áiteanna in Éirinn. Tugadh cainteanna agus rinneadh diospóireacht, agus bhí na laethanta lán de ghnóthaí agus de Ghaeilge. Bhí Raidió na Gaeltachta agus BBC Uladh ann, agus chuir siad agallaimh ar na daoine. Tá toradh a gcuid oibre le fáil ar *Barrscéalta* (RTÉ) agus ar *Blas* (BBCU).

Deir tuairisc *Lá Nua*: 'Níor socraíodh ar aon scátheagraíocht nua ná aon phlean ar leith ag an gcomhdháil, mar a ceapadh go ndéanfaí roimh ré'. Níl a fhios ag *An Lúibín* an bhfuil sin le moladh nó a mhalaírt, agus a bhfuil de phleasananna fite fuaite i stair na teanga le céad bliain anuas. Ach tá an scéal inste, agus fanaimis go mbeidh a chomhartha lena chois.



Teanga chánach

Australia's tax collectors work in many languages.

San Astráil tá an Oifig Chánachais (Australian Taxation Office) ar na tomhaiseanna teanga is fearr sa tír. Ar shlí amháin nó ar shlí eile baineann an Oifig le saol an phobail go léir, agus ní foláir di a bheith ilteangach dá réir.

Chomh leis na mionphobail atá ann le fada an lá (Gréagaigh, Iodálaigh, Turcaigh agus eile) tá mionphobail nua ann: dreamanna ag dul i méid, dreamanna ag teacht ar an bhfód, de bharr inimirce nó mar theifigh. Tá sé seo le haithint ar an eolas atá le fáil ar shuíomh Idirlín na hOifige (www.ato.gov.au). Ina theannta sin tá seisiún chabhrach ann do phobail nua, speisialtóirí ag caint i dteangacha difriúla ar an raidió, agus cabhair á solathár do lucht gnó nach labhraíonn Béarla mar a dteanga dhúchais. Baineann an Oifig feidhm as an tSeirbhís Aistriúcháin agus Theangaireachta, áis atá le fáil ar fud na tíre. Deirtear gur gá níos mó

¹ Féach alt le Séamas Ó Neachtain in *Lá Nua*, 23/5/08. Bhí teorainn le hidirnáisiúnachas na hÓcáide agus gan toscáirí ó thíortha eile ann.

cúnaimh a tabhairt do dhaoine ón Afraic (ar teifigh iad go minic), do lucht labhartha Sínise agus do lucht labhartha Filipínise.

Go bhfios do *An Lúibín*, níl ach Gaeilgeoir amháin san Oifig, cé gur bħreá linn teacht ar a leithéidí eile. Tá an-ghá ar aon chuma le daoine a bhfuil Dairis, Dincis (*Dinka na Somáile*), Seapáin, Cóiréis, Téalainnis, Cambóidis, Peirsis nó Rúisis acu, léiriú ar ilchineálachas na hAstráile – agus ar ilfheidhmeannas na gcánach.



Rogha an phobail

It has been argued that the preferred language of the Irish in general is English. Only a minority have the motivation to acquire Irish as a functional language. Their rights are protected in law, and the symbolic retention of Irish by the State is accepted. It is claimed therefore that the right of the majority to use English should be respected.

Dúradh cheana in *An Lúibín* (agus ní in *An Lúibín* amháin) gur chóir leanáí a chur ag foghlaim teangacha iasachta roimh sheacht mbliana d'aois san Astráil agus in Éirinn – agus áirimis an Ghaeilge mar theanga atá chomh hiasachta ag aos óg na hÉireann leis an Rúisis. Is cuma leis an leanbh cé chomh 'deacair' is atá na teangacha sin; faigheann an óige máistreacht orthu gan dua. B'fhéidir, áfach, nach é sin atá ó mhuintir an oileáin iathghlaís.

Ní hé (a deirtear) go bhfuil muintir na hÉireann i gcoinne tacaíocht stáit a thabhairt don teanga; aithnítear go bhfuil stádas siombalach aici agus gur cuí beart a dhéanamh dá réir ar shlite éigin; aithnítear freisin go bhfuil scata beag ann agus fonn orthu an teanga a úsáid, agus go ndéanann an dlí freastal ar an trá sin. Ní bhaineann aon chuid de sin, más fíor, le rogha an phobail i gcoitinne.

Is é an deacracht is mó a bhaineann leis an argóint sin (agus ní argóint gan bhunús í) nach féidir tuairim an phobail a mheas i gceart mura múintear an teanga mar is ceart. Is cuid den phobal iad na tuismitheoirí (ar daoine gan Ghaeilge iad de ghnáth) a thacaíonn leis an ngaelscolaíocht. De réir na fianaise atá ann, is mó an t-éileamh ná an soláthar.

Is dócha go dtagródh cuid mhaith den phobal cloí le Béarla amháin cibé scéal é. Ach má ghlactar leis go bhfuil de cheart ag an Stát an teanga a chur á múineadh, is cóir rogha a thabhairt don aos óg ag pointe éigin; agus ní féidir rogha a dhéanamh gan eolas. Má mhúintear an teanga le héifeacht ó thíos (trí shaghás éigin tumoideachais) beidh a fhios ag na daltaí i dtús na meánscoile an fiú leo leanúint di. Mura fiú leo, lig leo.

Cuimhnímis gur deacra go mór teanga iasachta a bhrú ar dhaltaí i dtír Bhéarla ná i dtíortha eile. Béarla is rogha leis na daltaí i dtíortha eile; níl aon teanga iasachta leath chomh riachtanach sin ag an mBéarlóir. Fágann sin nach ceart a bheith ró-uaillmhianach sna cúrsaí seo, ach gur fiú bunús teanga eile a mhúineadh go héifeachtach do dhaltaí san aois is oiriúnaí chuige agus a bheith ag suil le dea-thoradh ina dhiaidh sin.

Agus más féidir tabhairt faoin nGaeilge roimh sheacht bliana d'aois nó fiú ina dhiaidh, agus í a fhoghlaím go blasta, céin fáth nach féidir tabhairt faoi Fhraincis nó faoi Ghearmáinis ar an dóigh chéanna? Cuid den Eoraip is ea Éire. Na hÉireannaigh nach fiú leo Gaeilge a fhoghlaím ba dhóigh leat gurbh fhiú leo mórtheanga Eorpach a fhoghlaím, ach dealraíonn sé nach mar sin atá an scéal. I ndeireadh na dála, déanann Béarla cúis.

B'fhéidir nach bhfuil a fhios ag muintir na hÉireann fós cad tá uathu maidir le húsáid na Gaeilge. Go fiú dá mbeadh Gaeilge ó dhúchas acu go léir bheadh Béarla ar a dtoil acu ina teannta; ach Béarla a dteanga dhúchais tríd is tríd agus ní fios cén bhrí atá leis an teanga eile

mar shamhailchomhartha féin. Má tá na hÉireannaigh ar a suaimhneas ina gcraiceann Béarla níl call le Gaeilge; ach má tá gá le Gaeilge ar chor ar bith is fiú í a shaothrú mar theanga bheo.

Scoil Gheimhridh Shydney 2008

6 - 9 Meitheamh 2008

Chevalier Resource Centre, 1 Roma Street, Kensington, Sydney

Seo í an chéad Scoil Gheimhridh a mbeidh Scoil na Gaeilge Sydney ina bun. Tá cúnamh á fháil ó choiste Scoil na Gaeilge, ó mhúinteoirí in Adelaide, i Melbourne agus i Sydney, ón gCumann Náisiúnta Éireannach, ó dhaoine atá nó a bhí ag freastal ar ranganna agus ó Ghrúpa na Scoile Geimhridh, dream a choinnigh an scoil ar siúl le cúig bliana anuas.

Is dócha go mbeidh idir 60 agus 100 duine ag fanacht sa Scoil nō láimh léi. Beidh ranganna ann ar chuíg leibhéal de réir chumas na ndaoine, agus beidh trí rang ar siúl sa lá Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh.

Beidh aoichtainteoir agus ceolchoirm ann, mar aon le ranganna filíochta, amhránaíochta, feadáin, bodhráin agus rince, agus beidh sainGhaeilge na hAstráile á plé.

Táillí:

\$290 - deireadh seachtaine iomlán, in éineacht le hiostas agus béisite

\$180 - deireadh seachtaine iomlán, gan iostas

\$90 - lá amháin, gan iostas

Eolas: Éilis ar 0424 718 538 nō ag eilis@internode.on.net.

Féach: www.irishlanguageschoolsydney.org.au.

Teacht agus imeacht na bPolannach

From 2004, workers from Poland and its neighbours flooded into Britain and Ireland. Now many of the Poles are heading home.

Sa bhliain 2004 tháinig an Pholainn agus seacht dtír eile i lár na hEorpa isteach san Aontas Eorpach, rud a chuir imní ar na tíortha is saibhre ar an bpointe. Chonaic siad chucu an pluiméir Polannach, é ag brú thar teorainn isteach ina arracht ar phá íseal. Bhí doras an doichill roimhe ach amháin sa Bhreatain, sa tSualainn agus in Éirinn.

Bhí a lán cúiseanna leis an doicheall a bhí ar an nGearmáin agus ar an bhFrainc roimh oibrithe ón iasach ag an am - bhí mórán daoine gan obair, bhí easnamh mór ar an gcáiniasnéis agus bhí an pobal míshasta. In Éirinn féin ní raibh fáilte gan agús roimh na hinimircigh. Bhí barúil ag mórán go mbeadh Rath ar an ngeilleagar agus ar an tídá bharr, ach shíl mórán eile go raibh an iomarca eachtrannach ann. Dúirt na heacnamaithe, áfach, go raibh gá le 50,000 oibrí nua in aghaidh na bliana, agus bhí an meánphá ag ardú, rud a mhaolaigh an imní.

Tá a rian fágtha ag na Polannaigh ar an mBreatain agus ar Éirinn araon: bia agus beoir den saghas a thaitníonn leo le fáil sna siopaí, eagrán Pholainnise de nuachtán áitiúla, comharthaí bóthair i bPolainnis ansiúd is anseo, agus séipéil Chaitliceacha na Breataine lán go doras.

Ní raibh sna Polannaigh ach cuid den slua a bhain Iarthar Eorpa amach. Faoin mbliain 2005 bhí timpeall 70,000 duine ón iasacht in Éirinn, agus faoi láthair bheadh os cionn 350,000 eachtrannach ann (timpeall 10% den daonra) - Filipínigh, Indiaigh, Sínigh, Seicigh, Rúisigh, Spáinnigh, Liotuánaigh, Polannaigh agus eile. Is iad na Polannaigh an grúpa is mó, agus tá a bhformhór mór measartha óg. Oibrithe dícheallacha is ea iad, agus baint ag mórán acu leis an tionscal tógála.

Tá geilleagar na Polainne ag bláthúanois, agus luach an airgid ag ardú. Bhíodh míle Polannach sa lá ag teacht go dtí an Bhreatain, ach anois tá a leath ag dul abhaile. Ní raibh rún acu fanacht, murab ionann is na sluaite a tháinig i dtír rompu. Fuair siad poist mhaithe sa Bhreatain nuair a bhí obair gann sa bhaile, agus tá faill acu anois ar fhilleadh le sparán teamn agus le Béarla binn, rud a chuirfidh ar a gcumas post maith a fháil ar a bhfód dúchais nó dul i gceann gnó.

Ní cosúil go rachaidh gach duine de na deoraithe abhaile ón mBreatain, ach tá Rialtas na Polainne ar a dhícheall á mealladh. Tá iasachtaí saora le fáil ag daoine ar mian leo gnólachtaí a chur ar bun, agus is féidir airgead a thabhairt isteach gan cháin ón mBreatain. Gan trácht ar aon rud eile, beidh 2010 Euro (féile mhór shacair) ar siúl sa Pholainn, agus neart oibre le déanamh chun ullmhú chuici - bonneagar nua, óstáin agus staideanna le tógáil.

Ní fios go fóill cá mhéad Polannach a bhfuil fonn orthu Éire a fhágáil. Tá tithe ceannaithe ag mórán acu i mBaile Átha Cliath, ach bheadh mórán eile sásta a dtír féin a bhaint amach arís. Thug siad cuid d'Eoraip eile anonn leo, agus b'fhearrde Éire a ndúthraacht. Agus nach trua, tar éis an tsaoil, nach mbeadh deis acu beagán Gaeilge a thabhairt abhaile leo.

Fleá Nua Ghoulburne - Festival of Irish Music

7-9 Samhain 2008

www.irishmusicianssydney.com
02 9181 3365, 0401 827 460, irishmusicianssydney@hotmail.com

Inimircigh

Australia survives on immigration, especially when workers are in short supply. But rising seas may bring about immigration of another sort.

Sa bhliain 2006 bhí an céatadán de dhaonra na hAstráile a rugadh thar lear nó ar rugadh a n-athair nó a máthair thar lear os cionn 45%. Bhí 16% ar a laghad ag labhairt teanga nár Bhéarla í sa bhaile. Anois, agus oibrithe chomh gann sin, is mó ná riagh an fháilte atá roimh dhaoine ón iasacht atá ag iarraidh post anseo.

Tabharfar beagnach 300,000 inimirceach isteach ar feadh na bliana 2009 – méadú suntasach – agus oibrithe fíoroilte is ea 70% acu. Is dócha gur gearr go gcuirfeas tú le scéim chun oibrithe a thabhairt isteach ón Aigéan Ciúin, rud a fhreagraíonn don ghá atá le hoibrithe neamhoilte ach atá conspóideach go leor.

Deir an Rialtas go bhfuil tíortha an domhain ag dul san iomaíocht le chéile chun oibrithe a fháil agus go bhfuil obair chonartha níos coitianta. Déanfar iarracht ar na víosaí sealadacha oibre (víosaí 457) a fheabhsú: tá fianaise ann go raibh fostaitheoirí éigin ag baint mí-úsáide astu agus ag tabhairt drochphá agus drochiostais dá gcuid oibrithe. Bhí béim á cur ar innealtóirí agus ar dhóchtúirí tráth; anois is mó an t-eileamh atá ar cheardaithe agus ar dhaoine gan scileanna.

Deirtear go mbogfar na rialacha diana faoi chumas labhartha Bearla chun an bealach isteach a dhéanamh níos réidhe (agus cuimhnímis gur beag Béarla a bhí ag cuid mhaith de na hÉireannaigh a tháinig anseo fadó, gan trácht ar na hIodálaigh agus na Gréagaigh a lean iad).

Ach tá inimirce eile á tuar, agus baint aige leis an truailliú a leanann borradh an gheilleagair – an borradh céanna is cúis leis an tóir atá ar oibrithe anois. Más fíor gur sceitheadh carbóin is cionsiocair le leá an oighir, ní mó ná sásta atá na seacht milliún duine atá ina gcónaí ar oileáin an Aigéin Chiúin. Tá an fharraige ag slogan a gcuid talaimh de réir a chéile, ag milleadh na mbarr, na hithreach agus an fhíoruisce.

Sampla maith is ea Túvalú, thír atá 3,400 ciliméadar soir ó thuaidh ón Astráil agus ceithre fichid oiléán beag ann. Is beag thír is ísle agus gan an chuid is airde di ach timpeall ceithre chiliméadar os cionn na farraige. Tá beagnach 12,000 duine ina gcónaí ann, agus d'fhág beagnach 3,000 duine an thír cheana. Síltéar go mbeidh Túvalú báite i gceann caoga bliain, agus is fada muintir na tire ag iarraidh ar an Astráil agus ar an Nua-Shéalaínn cuimhneamh ar a gcás.

Sa bhliain 2002 dúirt an Ridire Tomasi Piapua, Ard-Ghobhanóir Thúvalú, leis na Náisiúin Aontaithe go mb'fhearr lena mhuintir fanacht mar a raibh acu agus gan a bheith báite de bharr chraos agus shaint na dtíortha saibhre. Sa bhliain 2006 chuir Páirtí an Lucht Oibre (atá i gcumhacht anois san Astráil) páipéar díospóireachta amach dar teideal *Our Drowning Neighbours*; deir sé gur cóir don Astráil comhcheangal idirnáisiúnta a chur ar bun chun glacadh le teifigh aeráide agus cabhair phráinne a thabhairt. Is dócha anois nach féidir na hoileáin a shábháil sa síneadh fada; caithfidh na daoine dul ar deoraíocht seachas ar lorg oibre.

♦♦♦♦♦♦♦♦♦♦

Burma

The aftermath of the typhoon that wrecked southern Burma revealed three things: untameable nature, a truly ramshackle regime and the assumptions of NGOs.

Tá bréantas an bháis ó na mílte corpán atá scaipthe sna haibhneacha agus ar na cosáin. Tá na goirt millte agus níl síol ná treallamh ann chun thír a chur. Níl aon uisce le hól ach uisce truaillithe, agus go dtí le déanaí bhí cabhair ón taobh amuigh á ceilt ar fhormhór mór na ndaoine. Anois tá an rialtas ag ligean na cabhrach isteach, a bheag nó a mhór, agus tuiscint éigin acu ar cé chomh géar is atá sí ag teastáil.

Ós í seo anois agus buaicré an charthanais idirnáisiúnta, bhí greann éigin dubh le baint as cás na ndreamanna cabhrach a bhí ag baint an dorais dá cheile ag iarraidh dul isteach tar éis na hanfa úd a scrios dheisceart Bhurma. Taithí acu ar an bhfáilte agus gan rompu ach doicheall dúr; fearg orthu agus gan neart acu ar an scéal; blas géar an fhrustrachais le haithint ar a gcuid cainte.

Ligeadh isteach lucht cabhrach ón India, ón Téalaínn agus ón tSeapáin, ach ar dtús ba dheacair d'eagraíochtaí cabhrach eile dul isteach i mBurma mura bhfuil seanaithne ag an Rialtas orthu – Unicef agus World Vision, mar shampla, dhá dhream atá ag obair ann le mórán blianta anuas. Mar a dúirt oibrí cabhrach áirithe, ní mór caidreamh a dhéanamh leis an

húdaráis chun iontaoibh a chothú: méadaíonn an maslú ar an doicheall.² Is annamh atá súil ag na Burmaigh le cúnamh óna rialtas féin. Níl ach 150 duine áitiúil ar fostú ag Unicef i mBurma, agus ní raibh cead acu eachtrannaigh a thabhairt isteach. Tugadh drugaí agus tarpól isteach, agus púdar úraithe le haghaidh na dtobar, ach is beag duine a raibh taithí aige ar an dáileadh. Sin cúram a tugadh do chairde saibhre an Rialtais, agus, ní nach ionadh, tá an chuid is mo de na hearraí á dtóigil ag na húdaráis féin, nó á ndíol.

Múscláinn carthanas an Iarthair amhras in intinn na ndúrnáisiúnaithe. Dúradh i bprochóga na Náisiún Aontaithe gur cóir doras an doichill a bhriseadh síos scan agus cúnamh a bhrú ar na daoine d'ainneoin na nginearál. Buaileam sciath é sin, i ndáiríre, agus is amhlaidh go bhfuil bun éigin staire leis an eagla mhíréasúnta atá ar na ginearál roimh strainséirí. Tháinig an Bhreatain agus d'imigh go drogallach; bhí an tSeapán i gcumhacht i rith an chogaidh agus fuarthas amach nach raibh sí iontaofa; bhí ar an rialtas nua Burmач dul i ngleic le ceannaircigh (agus tá speach iontu siúd fós). Loic na polaiteoirí ar na daoine, agus bhí fáilte ar dtús roimh na saighdiúirí. Anois tá nead bhrocach déanta ag na ginearál den téarma níl sé chomh furasta sin iad a ruaipeadh.

Déanann scéal amháin léiriú ar chiotachas an Rialtais agus ar an díobháil a rinneadh. Chuir deoraí Astrálach agus scata áitiúil feachtas beag cabhrach ar siúl uathu féin.³ D'aimsigh siad leoraí, líon í le rudaí a cheannaigh mo dhuine agus a chairde, agus thug a n-aghaidh ar Bhugale, baile mór i lár an cheantair is measa. Burmaigh ó Rangún a rinne an chabhair a roinnt: beirt deartháir óg, mac léinn agus fear meánaosta, úinéir an leoraí. Bhí an leoraí céanna chomh pollta le criathar, ach d'iompair sí prátaí, arbhar, anraith thrionaithe, iasc agus coirníní corrhmíolta. Bhí na mílte rompu agus gorta orthu, agus ní fhacthas aon fheidhmeannaigh rialtais. Nuair a tháinig siad ar ais bhí siad suaite i gceart.

Measann daoine éigin go leanfaidh éirí amach an tubaiste seo. Ní faoi gach tuar a thagann tairngreacht, cé nach móide gradam na nginearál a gcuid neamhinniúlachta. Is gearr ó cuireadh an dara cuid de reifreann bunreachtíul ar siúl, reifreann a raibh a thoradh socraithe cheana agus a chuirfeadh ar chumas na nginearál fanacht i dtreis go deo. (Ba dheacair gan vóta a chaitheamh: is furasta an cárta aitheantais a bhaint d'easaontóirí, agus ní féidir maireachtáil gan é. Ach is iomaí duine nach mbeadh an méid sin féin aige anois.) Ba bheag an rud é sin murach na hacmhainní atá ag na ginearál, agus billiún dollar in aghaidh na bliana á saothrú acu ó na ceantair gháis nádúrtha atá suite amach ón gcósta. Leis an Téalainn is mó a dhíoltar an gás sin, agus chun na Síne a rachaidh an gás a fuarthas le déanaí i mBá Bheangála. Ach ní lorg an tsuibhris seo le haithint ar an gciste, a bhuíochas sin ar ráta dúbailte malaire.⁴ De réir an ráta oifigiúil, is ionann sé *kyat* agus dollar Meiriceánach. De réir ráta an dúmhargaidh, is ionann míle *kyat* agus dollar Meiriceánach. Ceileann an ráta oifigiúil an fíorbrabach atá á dhéanamh ag na ginearál, agus cuirtear an brabach sin i dtaisce in áiteanna rúnda.

Ní staonann na boicíní ná a muintir ó shó an tsaoil, agus is furasta dóibh airm agus gléasra faire a cheannach. Ach taobh amuigh dá ndaingean tá galar agus gorta. Ní ghéillfidh na ginearál go réidh d'agóidí síochánta ná d'éirí amach, agus ní bheadh cumha orthu i ndiaidh Aung San Suu Kyi dá bhfaigheadh sí bás i ngéibheann. Níl a gcuid feidhmeannach ar aon intinn leo i gcónaí, mar sin féin; níl sa scéal ata anois ann ach túscéil eile.



² Féach agallamh a rinne Karenna Aklem le Teilifís SBS ar 28/5/08. Bean óg í a bhaineann le heagraíocht chabhrach Chríostaí, agus deir sí gur mór an cúnamh dóibh an oiread sin daoine áitiúla a bheith páirteach san obair, rud a chuireann na húdaráis ar a suaimhneas.

³ Féach alt le 'Harry McKenzie' in *The Age*, 21/5/08, Ich 17.

⁴ Féach alt le Sean Turnell sa *Japan Times*, 2/5/08.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun colger@melbpc.org.au nó
chun ColinG.Ryan@ato.gov.au

*If you do not want to receive further editions of this newsletter, please send a message accordingly to
colger@melbpc.org.au or ColinG.Ryan@ato.gov.au*